Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2026
(OR. en)

16067/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0351 (NLE)**

AELE 102
CH 33
MI 1230

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Samhain 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 611 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 611 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 611 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2026
COM(2026) 611 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais**

**CEANGALTÁN**

**DRÉACHTCHINNEADH _/____ ÓN gCOMHCHOISTE**

**an […]**

AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear Comhchoiste leis an gComhaontú chun a fheidhmiú cuí agus a chur chun feidhme éifeachtach a áirithiú;

(2) De bhun Airteagal 16(8), déantar foráil sa Chomhaontú maidir leis an gComhchoiste a rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aige;

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh [sa Bhruiséil], an […].

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Na Comhchathaoirligh*

*[…]*

**Iarscríbhinn**

# RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOMHCHOISTE UM RANNPHÁIRTÍOCHT I gCLÁIR DE CHUID AN AONTAIS

## Riail 1

## Cúraimí agus dualgais

Comhlíonfaidh an Comhchoiste na cúraimí agus na dualgais dá dtagraítear sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta), agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile (dá ngairtear an Eilvéis' anseo feasta), dá ngairtear 'na Páirtithe' le chéile anseo feasta, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), go háirithe in Airteagal 3(2) agus Airteagal 16 de.

## Riail 2

## Cathaoirleach

(1) Tabharfaidh an tAontas agus an Eilvéis fógra dá chéile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhchathaoirleach ar an gComhchoiste thar ceann an Aontais agus na hEilvéise faoi seach. Measfar go leanfaidh an t-oifigeach sin de bheith ag gníomhú dó mar chomhchathaoirleach thar ceann an Aontais agus na hEilvéise, faoi seach, go dtí an dáta a bheidh fógra tugtha ag an Aontas nó ag an Eilvéis don Pháirtí eile maidir le comhchathaoirleach nua.

(2) Measfar go mbeidh an t-údarú ag comhchathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais nó na hEilvéise, faoi seach, go dtí an dáta a bheidh fógra tugtha don Pháirtí eile maidir le comhchathaoirleach nua.

## Riail 3

## An Rúnaíocht

(1) Beidh rúnaíocht an Chomhchoiste (an 'rúnaíocht') comhdhéanta d'oifigeach ón Aontas agus d'oifigeach ón Eilvéis ('na rúnaithe').

(2) Tabharfaidh an tAontas agus an Eilvéis fógra dá chéile faoi ainmneacha, poist agus sonraí teagmhála a rúnaithe féin. Tabharfaidh siad fógra dá chéile faoi athruithe ar a rúnaithe féin.

*(3)* Beidh an rúnaíocht i gceannas ar na nithe seo a leanas, *inter alia*:

(a) cúnamh a thabhairt do na comhchathaoirligh;

(b) faisnéis a chomhordú agus a mhalartú idir an dá Pháirtí;

(c) dréachtaí na gcinntí, na moltaí, na miontuairiscí agus na cumarsáide oifigiúla agus na ndoiciméad eile a ullmhú lena nglacadh ag an gComhchoiste;

(d) a áirithiú go ndéanfar na doiciméid sin a thaifeadadh agus a chomhdú i gceart, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais agus na hEilvéise faoi seach;

(e) […].

(4) Laistigh de bhliain ar leith, is é comhchathaoirleach an pháirtí atá ina óstach ar chruinnithe an Chomhchoiste sa bhliain sin (‘an comhchathaoirleach óstach’), le tacaíocht ón rúnaí comhfhreagrach (‘rúnaí óstach’), a bheidh i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar imeachtaí an Chomhchoiste le linn na bliana sin.

**Riail 4**

**Cruinnithe**

(1) I gcomhréir le hAirteagal 16(7) den Chomhaontú, beidh sé d’aidhm ag na comhchathaoirligh dáta, suíomh agus formáid na gcruinnithe a chomhaontú 3 mhí ar a laghad roimh an gcruinniú, mura dtagann siad ar chomhaontú maidir le tráthchlár níos giorra.

(2) Roimh gach cruinniú den Chomhchoiste, cuirfidh na comhchathaoirligh a chéile ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí le haghaidh an chruinnithe.

(3) Mura gcomhaontóidh na comhchathaoirligh a mhalairt, ní reáchtálfar na cruinnithe go poiblí.

(4) Má chomhaontóidh na comhchathaoirligh amhlaidh, féadfaidh an Comhchoiste cuireadh a tabhairt do shaineolaithe nó do pháirtithe leasmhara eile freastal ar chruinnithe de chuid an Chomhchoiste chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhar sonrach agus chun bheith i láthair do na codanna sin den chruinniú ina bpléifear na hábhair shonracha sin agus do na codanna sin amháin.

**Riail 5**

**Clár Oibre**

(1) Déanfaidh na comhchathaoirligh clár oibre sealadach gach cruinnithe den Chomhchoiste a leagan síos go comhpháirteach.

(2) Cuirfidh an rúnaí óstach an chéad dréachtchlár oibre faoi bhráid an rúnaí eile le haghaidh barúlacha mí amháin ar a laghad roimh dháta an chruinnithe. Beidh sé d’aidhm ag na comhchathaoirligh teacht ar chomhaontú maidir leis an dréachtchlár oibre 5 lá oibre ar a laghad roimh gach cruinniú.

(3) Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna a chur san áireamh, a scriosadh, a chur siar nó a leasú má chomhaontaíonn na comhchathaoirligh amhlaidh.

(4) Na teorainneacha ama a shonraítear i mír 2, féadfaidh na comhchathaoirligh a chomhaontú iad a ghiorrú chun na ceanglais nó an phráinn a bhaineann le hábhar áirithe a thabhairt san áireamh.

**Riail 6**

**Faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartú agus a láimhseáil**

(1) Déanfar faisnéis rúnaicmithe nó ábhar rúnaicmithe a sholáthróidh na Páirtithe Conarthacha nó a mhalartófar eatarthu sa Chomhchoiste a láimhseáil agus a chosaint

i gcomhréir leis an gComhaontú idir Cónaidhm na hEilvéise agus an tAontas Eorpach maidir leis na nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 28 Aibreán 2008, agus i gcomhréir le haon socrú slándála lena gcuirtear chun feidhme é.

(2) Glacfaidh an Comhchoiste, trí bhíthin cinnidh, treoracha láimhseála agus stórála chun a áirithiú go gcosnófar faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartófar idir na Páirtithe.

**Riail 7**

**Rúndacht ghairmiúil**

Ceanglófar ar ionadaithe, ar shaineolaithe agus ar ghníomhairí eile na bPáirtithe, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan faisnéis a nochtadh a fhaightear sa Chomhchoiste, ar faisnéis í den chineál atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

**Riail 8**

**Miontuairiscí**

(1) Déanfar miontuairiscí gach cruinnithe den Chomhchoiste a tharraingt suas go tráthúil tar éis gach cruinnithe. Cuirfear in iúl iontu na míreanna a pléadh, na moltaí a rinneadh, agus na cinntí a glacadh.

(2) Déanfaidh an rúnaí óstach an chéad dréacht de na miontuairiscí sin a tharchur chuig an rúnaí eile chun barúlacha a fháil uaidh.

*(3)* Áireofar sna miontuairiscí liosta tinrimh ina mbeidh ainmneacha, teidil agus cáil na rannpháirtithe uile sa chruinniú.

(4) Déanfaidh an Comhchoiste na miontuairiscí críochnaitheacha a fhormheas trí nós imeachta i scríbhinn nó, ar a dhéanaí, ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhchoiste. Síneoidh na comhchathaoirligh iad i ndúblach. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh go gcomhlíonann síniú leictreonach agus malartú cóipeanna leictreonacha an ceanglas sin.

**Riail 9**

**Cinntí agus moltaí**

(1) Ullmhóidh an rúnaíocht na dréachtchinntí agus na dréachtmholtaí atá le glacadh ag an gComhchoiste.

(2) ‘Cinneadh’ nó ‘Moladh’ an teideal a bheidh ar chinntí agus ar mholtaí an Chomhchoiste faoi seach, agus ina dhiaidh sin beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar.

(3) Féadfar iad a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn nó ag cruinniú den Chomhchoiste. Síneoidh comhchathaoirligh agus rúnaithe an Chomhchoiste iad i ndúblach. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh go gcomhlíonann síniú leictreonach agus malartú cóipeanna leictreonacha an ceanglas sin.

(4) Déanfaidh gach páirtí cóip bhunaidh amháin de chinntí agus de mholtaí an Chomhchoiste a chomhdú.

(5) Tá gach Páirtí freagrach as cinntí agus moltaí an Chomhchoiste a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin agus/nó ar líne i gcomhréir lena ndlíthe agus lena rialacháin féin.

**Riail 10**

**Comhar leis an gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Sláinte (an 'Comhchoiste um Shláinte')**

(1) Bunóidh an rúnaíocht pointe teagmhála le rúnaíocht an Chomhchoiste um Shláinte.

(2) Roinnfidh an rúnaíocht an fhaisnéis a gheofar ón gComhchoiste um Shláinte leis an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 19(3)(d) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sláinte (dá ngairtear 'an Comhaontú maidir le sláinte' anseo feasta).

(3) Nuair a bheidh ábhair a bhaineann le clár le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse na sláinte curtha san áireamh ar an dréachtchlár oibre, cuirfidh an rúnaí óstach an Comhchoiste um Shláinte ar an eolas agus roinnfidh sé na doiciméid ábhartha roimh an gcruinniú ábhartha a luaithe is féidir.

(4) Nuair a sholáthróidh an Comhchoiste um Shláinte faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 19(3)(d) den Chomhaontú maidir le Sláinte, cuirfidh an Comhchoiste mír ina leith sin ar chlár oibre an chéad chruinnithe eile.

(5) Nuair a bhainfidh cinntí leis an bprótacal nó leis na prótacail lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na hEilvéise i gclár le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse na sláinte, rachaidh an Comhchoiste i gcomhairle leis an gComhchoiste um Shláinte go tráthúil.

(6) Nuair a bhainfidh na miontuairiscí le clár le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse na sláinte, roinnfidh an rúnaí óstach na miontuairiscí leis an gComhchoiste um Shláinte a luaithe is féidir.

**Riail 11**

**Cosaint sonraí pearsanta**

Déanfar foilsiú agus láimhseáil na doiciméid dá dtagraítear i Rialacha 5, 8, 9 agus 10 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme ag an dá Pháirtí, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta.

**Riail 12**

**Rochtain ar dhoiciméid agus Trédhearcacht**

Déanfaidh gach Páirtí iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid an Chomhchoiste a láimhseáil i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin ábhartha agus le toiliú an Pháirtí eile.

**Riail 13**

**Meithleacha/comhlachtaí comhairleacha**

(1) Agus meitheal nó comhlacht comhairleach á gcur ar bun chun cúnamh a thabhairt dó a dhualgais a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste téarmaí tagartha a ghlacadh lena sonrófar, i measc nithe eile, fad tréimhse na meithle nó an chomhlachta chomhairligh sin, a cheanglóidh sé leis an gcinneadh lena gcuirtear an mheitheal nó an comhlacht comhairleach ar bun.

(2) Beidh an mheitheal nó an comhlacht comhairleach comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ón Eilvéis agus oibreoidh sé faoi údarás an Chomhchoiste, agus tuairisceoidh sé dó.

(3) Féadfaidh an Comhchoiste tráth ar bith a chinneadh deireadh a chur le sainordú na meithleacha nó na gcomhlachtaí comhairleacha nó téarmaí tagartha na meithleacha nó na gcomhlachtaí comhairleacha atá ann cheana a mhodhnú.

**Riail 14**

**Speansais**

Íocfaidh gach Páirtí aon speansas a thabhóidh sé a bhaineann lena rannpháirtíocht i gcruinnithe an Chomhchoiste agus i gcruinnithe na meithleacha nó na gcomhlachtaí comhairleacha.

**Riail 15**

**Leasú**

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gComhchoiste i gcomhréir le Riail 9.